# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2012

# OIDEACHAS REILIGIÚNACH – GNÁTHLEIBHÉAL

An Líon Iomlán Marcanna: 400

DÉARDAOIN, 14 MEITHEAMH — TRÁTHNÓNA, 2.00 go 4.00

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa bhosca seo:

2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ UILE SA FHREAGARLEABHAR SEO.

3. CAITHFIDH TÚ TABHAIRT FAOI GACH CEANN DE NA 4 ROINN AR AN bPÁIPÉAR SEO.

***Don Fheitheoir amháin***

*Stampa an Ionaid*

***Don Scrúdaitheoir amháin***

| Ceist | Marc |
|---|---|
| ROINN 1 | |
| ROINN 2 | |
| ROINN 3 | |
| ROINN 4 Ceist 1 | |
| ROINN 4 Ceist 2 | |
| ROINN 4 Ceist 3 | |
| ROINN 4 Ceist 4 | |
| ROINN 4 Ceist 5 | |
| ROINN 4 Ceist 6 | |
| Marc ar an bPáipéar | |
| Bónas as freagairt trí Ghaeilge | |
| Iomlán | |
| Marc ar an Dialann | |
| Móriomlán | |

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| 2. Móriomlán ar na ceisteanna uile a dícheadaíodh | |
| 3. An marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2) | |
| Nóta: Ní mór don mharc i sraith 3 thuas a bheith cothrom leis an marc sa bhosca 'Marc ar an bPáipéar' thall. | |

## ROINN 1

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT **DEICH** gCINN DEN FHICHE CEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.
SNA CEISTEANNA INA nIARRTAR ORT TIC ✓ A CHUR SA BHOSCA CUÍ, NÁ CUIR TIC ACH I mBOSCA **AMHÁIN**. **(Tá 8 marc ag gabháil le gach ceist)**

**1.** B'ainm ar chúirt dlí reiligiúnach sa Phalaistín le linn Íosa é an Sainidrín.

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**2.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'moráltacht' ná ______________________

______________________________________________

**3.** Is sacraimint Chríostaí í an Eocairist. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**4.** Léigh liosta na bhfoirgneamh reiligiúnach agus liosta na reiligiún domhanda atá tugtha thíos. Mar shampla duit rinneadh foirgneamh reiligiúnach amháin a mheaitseáil leis an reiligiún domhanda is mó a bhfuil baint aige leis. Déan meaitseáil **amháin** eile.

| *Foirgnimh Reiligiúnacha* | *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|---|
| Eaglais | An Búdachas |
| Mandir | An Chríostaíocht |
| Mosc | An Hiondúchas |
| Sionagóg | An tIoslamachas |
| Teampall | An Giúdachas |

| | | |
|---|---|---|
| *Sampla:* | *Eaglais* | *An Chríostaíocht* |
| *Freagra:* | | |

**5.** Sampla amháin de shainchreideamh Críostaí is ea ______________________

______________________________________________

**6.** Cabhraíonn coinsias duine leis/léi chun ______________________

______________________________________________

**7.** Cé acu **ceann amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a luaitear Conair na nOcht Rian leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Búdachas ☐ An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐

**8.** Sampla den mhaoirseacht i dtraidisiúin reiligiúnacha is ea______________________

______________________________________________

**9.** Is iad na Véidí na téacsanna diaga is mó a luaitear leis an Ioslamachas.

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**10.** Cé acu **ceann amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a luaitear féile reiligiúnach Hanukkah leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Chríostaíocht ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

**11.** Duine amháin den dá aspal déag ag Íosa Nazórach ab ea Peadar.
Ainmnigh duine **amháin** eile de dhá aspal déag Íosa. ______________________________

**12.** Samplaí den mhaithiúnas is ea pardún a thabhairt nó trócaire a thaispeáint.
(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**13.** Is saintréith de phobal í an chumarsáid. Luaigh saintréith **eile** de phobal. _______________

______________________________________________________________________________

**14.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'ildiachas' ná creideamh in —
(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

a lán déithe ☐ aon Dia amháin ☐

**15.** An t-ainm a bhí ar shoiscéalaí a scríobh soiscéal faoi Íosa Nazórach ná –
(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Lazaras ☐ Lót ☐ Lúcás ☐

**16.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'adhradh' ná ___________________________

______________________________________________________________________________

**17.** Is iad na Tripitaka na téacsanna diaga is mó a luaitear le **ceann amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Búdachas ☐ An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐

**18.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'ionracas' ná ___________________________

______________________________________________________________________________

**19.** Is é an dearcadh atá sa Daonnachas ná nár chóir do dhuine a bheith ag brath ar an osnádúr ná ar chreideamh i nDia agus brí na beatha á lorg aige. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**20.** Léigh liosta na siombailí reiligiúnacha agus liosta na reiligiún domhanda atá tugtha thíos. Mar shampla duit, rinneadh siombail amháin a mheaitseáil leis an reiligiún domhanda is mó a shamhlaítear léi. Déan meaitseáil **amháin** eile:

| *Siombailí Reiligiúnacha* | *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|---|
| Aum | An Búdachas |
| Íocón | An Chríostaíocht |
| Roth Ocht Spóca | An Hiondúchas |
| Réalta Dháiví | An tIoslamachas |
| Corrán Gealaí | An Giúdachas |

| | | |
|---|---|---|
| *Sampla:* | *Íocón* | *An Chríostaíocht* |
| *Freagra:* | | |

## ROINN 2

(60 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

ROGHNAIGH **TRÍ** CINN DE NA GRIANGHRAIF SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA AR GACH CEANN ACU. **(Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist)**

**Ceist 1. Tá an pictiúr seo bunaithe ar chuntas Soiscéil ar aiséirí Íosa.**



*www.arabchurch.com*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** as an bpictiúr a thugann le tuiscint go bhfuil sé bunaithe ar aiséirí Íosa.

___________________________________________

___________________________________________

(6 mharc)

**B.** Cén lá den tseachtain de na laethanta thíos a bhfuair deisceabail Íosa amach gur aiséirigh sé ó mhairbh?

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Dé hAoine ☐ Dé Sathairn ☐ Dé Domhnaigh ☐

(6 mharc)

**C.** Luaigh bealach **amháin** ina raibh tionchar ag aiséirí Íosa ar na chéad Chríostaithe.

___________________________________________


___________________________________________

___________________________________________

___________________________________________

(8 marc)

**Ceist 2. Is grianghraf é seo de dhuine ag glacadh ama chun machnamh a dhéanamh.**



*www.gurusoftware.com/images*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** sa ghrianghraf seo a thugann le tuiscint go bhfuil an duine seo ag machnamh.

___________________________________________

___________________________________________

(6 mharc)

**B.** I dtraidisiúin reiligiúnacha ciallaíonn 'machnamh'_____

___________________________________________

___________________________________________

___________________________________________

(6 mharc)

**C.** Luaigh cúis **amháin** a bhfuil sé tábhachtach do bhaill de phobal creidimh am a ghlacadh chun machnamh a dhéanamh.

___________________________________________

___________________________________________

___________________________________________

___________________________________________

(8 marc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

| + | = |
|---|---|
| | |

**Ceist 3.** **Is grianghraf é seo de dhaoine i bun paidreoireachta.**



*www.thecuttingedgenews.com*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** sa ghrianghraf a thugann le tuiscint go bhfuil na daoine seo i mbun paidreoireachta.

(6 mharc)

**B.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é atá i gceist le hurnaí phobail ná ____________________

(6 mharc)

**C.** Luaigh cúis **amháin** a mbíonn baill de phobal creidimh rannpháirteach in urnaí phobail.

(8 marc)

**Ceist 4.** **Is grianghraf é seo de dhaoine ag obair ar son an cheartais.**




*Curtha in oiriúint ó www.peaceeagle.org*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** sa ghrianghraf seo a thugann le tuiscint go bhfuil na daoine seo ag obair ar son an cheartais.

(6 mharc)

**B.** Tabhair sampla **eile** de bhealach inar féidir le baill de phobal creidimh obair a dhéanamh ar son an cheartais.

(6 mharc)

**C.** Luaigh cúis **amháin** a n-oibríonn baill de phobal creidimh ar son an cheartais.

(8 marc)

## ROINN 3

(60 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

*Is iontráil dialainne í seo a leanas a dhéanann cur síos ar shearmanas reiligiúnach.*


LÉIGH AN IONTRÁIL DIALAINNE GO CÚRAMACH AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA GO LÉIR INA DHIAIDH.

*A Dhialann dhílis,*

*D'fhreastail mé ar an searmanas cuimhneacháin tar éis na scoile inniu. Gach bliain bailíonn daoine le chéile don searmanas seo chun cuimhneamh orthu siúd a bhí mór linn agus a fuair bás. Bhí ionadh orm an líon mór daoine a bhí ann a fheiceáil agus iad bailithe le chéile sa halla don searmanas – daltaí, baill foirne agus tuismitheoirí.*

*Ag tús an tsearmanais iarradh ar gach duine suí síos go ciúin agus machnamh a dhéanamh faoi gharghaol nó faoi chara mór a fuair bás. Chuimhnigh mé ar Dhaideo agus ar an spraoi a bhíodh againn le chéile. Agus daoine ina suí ansin go ciúin, d'fhéadfainn a dhéanamh amach óna n-aghaidheanna go raibh a gcuimhní ar na daoine a raibh grá acu dóibh go mór ina gcroíthe. Ansin iarradh orainn ainmneacha na ndaoine a rabhamar ag iarraidh cuimhneamh orthu ag an searmanas a scríobh síos ar phíosa páipéir. Chuireamar na píosaí páipéir i gciseáin a leagadh ar bhord mór ag barr an halla. D'éirigh tuismitheoir ina seasamh agus léigh sí dán a bhí scríofa aici, inar ghabh sí buíochais le Dia as na blianta a chaith sí lena fear céile a fuair bás. Ansin fuaireamar go léir coinneal le lasadh. Iarradh orainn cuimhneamh ar na tréimhsí speisialta a thugamar leo siúd a bhí mór linn agus a fuair bás agus buíochas a ghabháil le Dia astu. Tugadh cuireadh dúinn ár gcoinnle a chur ar an mbord ag barr an halla i gcuimhne orthu siúd a raibh grá againn dóibh. Ba nóiméad an-speisialta é dom agus mé sa mhórshiúl ag dul i dtreo an bhoird leis an gcoinneal, i gcuimhne ar Dhaideo. Bhraith mé gar dó arís agus gar do na daoine a bhí timpeall orm. Sheas gach duine timpeall an bhoird go dtí go raibh na coinnle ar fad ar an mbord. Nuair a bhí sé sin déanta, fhill mé ar mo shuíochán agus shuigh mé ansin go ciúin ag éisteacht leis an gceol sular imigh mé abhaile. Bhain mé an-taitneamh as an searmanas. Ba bhealach deas é le críoch a chur leis an lá.*

*Slán go fóill ☺*



*Foinse: Curtha in oiriúnint ó SoftKey Multimedia Inc.*

**1.** a. Tabhair breac-chuntas ar bhealach **amháin** inar féidir an creideamh reiligiúnach a fheiceáil sa searmanas a bhfuil cur síos déanta air thuas.

(14 mharc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

b. ● DEASGHNÁTH ● RANNPHÁIRTÍOCHT

Scrúdaigh conas is féidir deasghnáth *nó* rannpháirtíocht a fheiceáil sa searmanas a bhfuil cur síos déanta air thuas.

(14 mharc)

**2.** Déan cur síos ar a dtarlaíonn i searmanas reiligiúnach **eile** ar ghlac tú páirt ann nó ar bhreathnaigh tú air.

(16 mharc)

**3.** Mínigh cúis **amháin** a nglacann baill de phobal creidimh páirt sa searmanas reiligiúnach a bhfuil cur síos déanta agat air i gcuid *2)* thuas.

(16 mharc)

## ROINN 4

(200 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 60 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

FREAGAIR **CÚIG** CINN DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS.

**(Tá 40 marc ag gabháil le gach ceist)**

### Ceist 1. POBAIL CHREIDIMH

**A.** a. Is ceannaire reiligiúnach é an tArdeaspag Alan Harper a bhfuil baint aige le hEaglais na hÉireann. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐ (8 marc)

b. Déan cur síos ar a bhfuil i gceist leis an obair a dhéanann ceannaire i bpobal creidimh.

(10 marc)

**B.** a. Mínigh **dhá** chúis a bhfuil tábhacht leis an gceannaireacht do phobal creidimh.

i.

ii.

(12 mharc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

\+ =

b. ☐ FÍS INSPIORÁIDEACH ☐ TIOMANTAS REILIGIÚNACH

Cuir tic ✓le **ceann amháin** díobh seo thuas agus tabhair breac-chuntas ar shampla de conas is féidir é/í a fheiceáil in obair atá ar siúl ag baill de phobal creidimh sa lá atá inniu ann.

(10 marc)

**Ceist 2.** **BUNÚS AN REILIGIÚIN — AN CHRÍOSTAÍOCHT**

**A.** a. Is sampla amháin é Íosa ag 'Tabhairt Bia do Chúig Mhíle Duine' de bhéile a chaith sé in éineacht le daoine eile.

Ainmnigh sampla **eile** den chompántas boird ó shaol Íosa. ______________________

(8 marc)

b. Tabhair breac-chuntas ar ar tharla sa sampla den chompántas boird ó shaol Íosa atá ainmnithe agat i gcuid *a)* thuas.



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

(10 marc)

**B.** a. Déan cur síos ar ar mhúin Íosa dá dheisceabail faoi Ríocht Dé i mbéile a chaith sé in éineacht le daoine eile.

(10 marc)

b. Tabhair breac-chuntas ar shampla **eile** den chaoi ar mhúin focail nó gníomhartha Íosa do dhaoine faoi Ríocht Dé.

(12 mharc)

## Ceist 3. BUNÚS AN REILIGIÚIN — NA MÓR-REILIGIÚIN DHOMHANDA

**A.** a. I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'foilsiú' ná an chumarsáid a dhéanann Dia/neach le daoine. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐ (8 marc)

b. Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas a bhfuil staidéar déanta agat air:

AN BÚDACHAS ☐ AN HIONDÚCHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

Déan cur síos ar shampla **amháin** den fhoilsiú ó scéal an reiligiúin dhomhanda a bhfuil tic curtha agat leis thuas.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

(12 mharc)

**B.** a. Léigh liosta na n-ainmneacha reiligiúnacha agus liosta na reiligiún domhanda atá tugtha thíos. Meaitseáil ainm reiligiúnach **amháin** leis an reiligiún domhanda is mó a bhfuil baint aige leis.

| *Ainmneacha Reiligiúnacha* | *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|---|
| Allah | An Búdachas |
| Iáivé /YHWH | An Hiondúchas |
| An Té a fuair Léargas | An tIoslamachas |
| Bráman (Brahman) | An Giúdachas |

*Freagra:*

| *Ainm Reiligiúnach* | *Reiligiún Domhanda* |
|---|---|
| | |

(8 marc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

b. ♦ AN BÚDACHAS ♦ AN HIONDÚCHAS ♦ AN tIOSLAMACHAS ♦ AN GIÚDACHAS

Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi ina mbíonn tionchar ag creidimh reiligiúnacha i g**ceann amháin** de na mór-reiligiúin dhomhanda thuas ar an mbealach ina maireann a bhaill sa lá atá inniu ann.

________________ (*Reiligiún Domhanda)*

(12 mharc)

**Ceist 4.** **CEIST AN CHREIDIMH**

**A.** a. Léigh liosta na ngnásanna reiligiúnacha agus liosta na reiligiún domhanda atá tugtha thíos. Meaitseáil gnás reiligiúnach **amháin** leis an reiligiún domhanda is mó a bhfuil baint aige leis.

| *Gnásanna Reiligiúnacha* | *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|---|
| Aghaidh a thabhairt i dtreo Mheice | An Búdachas |
| Suí i suíomh na Loiteoige | An Chríostaíocht |
| Tefillin a chaitheamh | An Hiondúchas |
| Comhartha na Croise a dhéanamh | An tIoslamachas |
| Túis a ofráil | An Giúdachas |

| | *Gnás Reiligiúnach* | *Reiligiún Domhanda* |
|---|---|---|
| *Freagra:* | | |

(8 marc)

b. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhfuil tábhacht leis an ngnás reiligiúnach do dhaoine a bhfuil creideamh reiligiúnach acu.

i.



Don Scrúdaitheoir amháin

+ =

ii. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(10 marc)

**B.** a. Ainmnigh reiligiún domhanda **amháin** a luaitear leis an aondiachas. _______________

(8 marc)

b. Déan cur síos ar shampla **amháin** den chaoi inar féidir an t-aondiachas a fheiceáil i reiligiún domhanda a ndearna tú staidéar air.

_______________
*(Reiligiún Domhanda)*

______________________________________________

(14 mharc)

**Ceist 5.** **CEILIÚRADH AN CHREIDIMH**

**A.** a. Léigh liosta na bhféilte reiligiúnacha agus liosta na reiligiún domhanda atá tugtha thíos. Meaitseáil féile reiligiúnach **amháin** leis an reiligiún domhanda is mó a bhfuil baint aici leis.

| *Féilte Reiligiúnacha* | *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|---|
| Díbheálaí (Diwali) | An Búdachas |
| Yom Kippur | An Chríostaíocht |
| Eid-ul-Fitr | An Hiondúchas |
| Wesak | An tIoslamachas |
| An Cháisc | An Giúdachas |

*Freagra:*

| *Féile Reiligiúnach* | *Reiligiún Domhanda* |
|---|---|
| | |

(8 marc)

b. Déan cur síos ar shampla **amháin** dá bhfuil i gceist i gceiliúradh a dhéanamh ar thráth den bhliain a mheasann baill de reiligiún domhanda a bheith naofa.

_______________
*(Am Beannaithe)*

(12 mharc)

**B.** a. Léigh liosta na rudaí reiligiúnacha agus liosta na reiligiún domhanda atá tugtha thíos. Meaitseáil rud reiligiúnach **amháin** leis an reiligiún domhanda is mó a bhfuil baint aige leis.

| *Rudaí Reiligiúnacha* | *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|---|
| Lampa Artí | An Búdachas |
| Meanóra (Menorah) | An Chríostaíocht |
| Róba Kathina | An Hiondúchas |
| Cros Chéasta | An tIoslamachas |
| Mihrab | An Giúdachas |

*Freagra:*

| *Rud Reiligiúnach* | *Reiligiún Domhanda* |
|---|---|
| | |

(8 marc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

b. Is sampla amháin í an choinneal de rud reiligiúnach a úsáidtear sa phaidreoireacht. Tabhair breac-chuntas ar conas a úsáideann baill de mhór-reiligiún domhanda rud reiligiúnach **eile** sa phaidreoireacht.

______________ (*Rud Reiligiúnach*)

(12 mharc)

**Ceist 6.** **DÚSHLÁN NA MORÁLTACHTA**

**A.** a. I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'peaca' ná ______________

(8 marc)

b. Déan cur síos ar **dhá** iarmhairt (thoradh) a d'fhéadfadh a bheith ar pheaca do bhaill de phobal creidimh.

i.



Don Scrúdaitheoir amháin

\+ =

ii.

(12 mharc)

**B.** a. Feictear an anabaíocht mhorálta nuair

(8 marc)

b. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shampla dá bhfuil i gceist i bhfás duine chun aibíocht mhorálta.

i.

ii.

(12 mharc)